

Paróiste an Fheirtéaraigh

Paróiste Dhún Chaoin, Paróiste Dhún Urlann, Paróiste Mhárthain,

Paróiste na Cille, Paróiste Mórdhach

Fógraí na Seachtaine 17 – 23 Deireadh Fómhair 2026

Séipéal na Carraige,

Dé Sathairn, 17 Deireadh Fómhair ar a 7.30in

Dé hAoine, 23 Deireadh Fómhair ar a 7.00in

Intinn: Maria Uí Chonchúir, Cill Mhaolchéadair, 1ú C.B.

Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 18 Deireadh Fómhair ar a 10.00rn

Intinn: Nora Galvin, Doonties agus Baile Bhoithín agus a fear céile James, CB

Ar dualgas do
Limistéar
Tréadach Chorca
Dhuibhne an
Domhnach seo –
An tAthair Eamon
Mulvihill 066-
7139145

Guí an Phobail

Maurice A (Sandy) Healy, An Meall, Sa Daingean, a fuair bás le déanaí.

Jerry Dunphy, New Hampshire, S.A.M., de shliocht na gConchúrach, Baile Eaglaise agus na Mainíneach, Baile an Fheirtéaraigh Thiar, a fuair bás le déanaí.

Séipéal Naomh Gobnait, Dé Domhnaigh, 25 Deireadh Fómhair ar a 9.00rn

Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 25 Deireadh Fómhair ar a 10.00rn

Intinn: 1. Antaine Ó Sé, Ard na Caithne, C.M.

2. Máire Mhic Gearailt, Márthain, C.B. agus Áine Uí Fhlatharta, Cloichear, C.B.

Bailiúchán do Dhomhnach na Misean

Beidh an bailiúchán seo ar siúl an deireadh seachtaine seo 17/18 Deireadh Fómhair Iarrann an Pápa Leon XIV ar gach paróiste páirt a ghlacadh i nDomhnach na Misean.

Cabhróidh ár bpaidreacha agus ár dtacaíocht airgid le craobhscaoileadh an tsoiscéil, séipéil nua a thógaint agus oideachas a chur ar fáil ins na tíortha bochta.

Aifrinntí i rith na seachtaine

Séipéal Naomh Uinseann

Dé Luain 9.30rn Déardaoin 9.30rn.

Séipéal na Carraige

Dé Máirt 9.30rn, Dé hAoine 7.00in

Athrú Ama ar Aifreann na hAoine

i Séipéal na Carraige.

Ó Dé hAoine, 30 Deireadh Fómhair beidh an tAifreann i Séipéal na Carraige ag aistriú óna 7.00in go dtí **6.00in**. Bheimis buíoch go gcuirfeadh sibh daoine ar an eolas maidir le seo.

Ofráil an Fhómhair agus Aifrinntí na Samhna

Tá na clúdaigh do Ofráil an Fhómhair agus Aifrinntí na Samhna dos na Mairbh curtha amach anois. Buíochas ó chroí dos na daoine a thugann amach na clúdaigh dúinn.

Téann an t-airgead ós na bailiúcháin seo go dtí tuarastal an tsagairt. Táimid ana bhuíoch as bhur gcabhair agus bhur bhflaithiúlacht agus guímid gach beannacht agus rath oraibh agus ar bhur muintir.

Ceolchoirm an Fhómhair

Beidh Ceolchoirm an Fhómhair ar siúl in Ionad an Bhlascaoid, Dún Chaoin, Dé Domhnaigh, 25 Deireadh Fómhair. Ar an stáitse:- Éilis Ní Chinnéide, Lauren Wallace, Tomás Ó Lúing, Áine Uí Laoithe, Réidín Ní Laoithe (Rince aonair) agus Baill do Chraobh Chill Airne do Chomhaltas Ceoltóirí Éireann (buaiteoirí rince seite fé 12 ag Fleadh Cheoil na hÉireann). Tá na ticéid ar fáil anois, tar éis na nAifrinntí, nó scéal a chur go oifig@yahoo.ie nó glaoigh ar 086-3787834.

Ceant ag Ceolchoirm an Fhómhair

Beidh píosa speisialta eitseála le Maria Simmonds Gooding ar ceant le linn Ceolchoirm an Fhómhair. Tairiscintí go oifig@yahoo.ie roimh 24 Deireadh Fómhair nó ag an gCeolchoirm ar an oíche.

Aifrinntí na Samhna

Beidh cuimhneamh speisialta ar na daoine go léir a cailleadh agus a cuireadh sa pharóiste i rith na bliana ag aifrinne speisialta i rith na Samhna. Más mian leat ainm aon duine a cailleadh lasmuigh den bparóiste i rith na bliana a chur ar an liosta, glaoigh ar Thigh na Sagart 066-9156131 nó cuir scéal go dtí oifig@yahoo.ie. roimh an 23ú Deireadh Fómhair.

Ollchruinniú do Phobal Halla na Feothanaí

De réir Bhunreacht an Halla, is gá toghchán a ghairm gach tríú bliain chun Coiste Bainistíochas nua a roghnú do Halla na Feothanaí. Beidh an tOllchruinniú san ar siúl sa halla ar an Luan, 26 Deireadh Fómhair 2026 ar 8.00in. Fáilte roimh bhur dtacaíocht.

Buíochas: Ba mhaith le Phil Uí Bhrosnacháin buíochas ó chroí a ghabháil le gach éinne a thug tacaíocht don Maidin Chaifé, ar son Ospís Chiarraí, a bhí ann le déanaí. Bailíodh €1440.

Machnamh An Soiscéal (Matha 22:15-21).

Mar chúlra do léacht an lae inniu, is fiú a mheabhú go bhfuil an suíomh in Iarúsailéim, in Iúdáia. Bhí Iúdáia faoi riail dhíreach na Róimhe ó briseadh an teitreach Archalás as a phost sa bhliain 6 iar-Chríost, agus leagadh síos cáin denarius amháin, bonn airgid le íomhá an impire — Tiberius an tráth sin, a d'feicfí air mar dhia. Bhí an cháin le híoc gach bliain, agus ag gach éinne, sclábhaithe san áireamh. Bhain na Héaródaigh le teaghlach Héaróid, nach raibh i gcumhacht a thuilleadh in Iúdáia. Bheidís i bhfábhar na Róimhe agus chuirfidís ainm aon duine nár íoc an cháin in iúl do na húdaráis. Nuair a cuireadh an cheist air thuig Íosa gur cleas a bhí ann chun é a threascart. (An tAthair Máirtín Mac Conmara)

Mí na Corónach – Paidir do Mhuire na Corónach le Naomh Bartolo Longo

‘A Phaidrín atá beannaithe ag Muire, i do shlabhra caoin dár gceangal le Dia, i do nasc grá idir sinn agus na hAingil, túr na heagna ar chionn ionsaithe ifrin, cuan na slándála ón tonnhriseadh coiteann, ná scaoilimis uainn thú feasta. Is tú a bheidh mar shólás ar uair ár mbáis. Is chugatsa a chuirfimid suas osna deireanach ár mbeatha. Agus a Bhanríon na Corónach, an focal deireanach inár mbéal, is é d’ainmse a bheidh ann, a Mháthair is ansa linn, a choimirce na bpeacach, a rí-shólás na ndobrónach. Go mbeannaithear duit i ngach áit, inniu agus i gcónaí, ar talamh agus ar neamh’. (Eoin Pól II Rosarium Virginis Mariae, Litir Aspaldar ar an Phaidrín Beannaithe)



Naomh Bartolo Longo –
Aspal na Corónach

Grúpa Gníomhaíochtaí do Dhaoine le Néaltrú (Dementia)

Beidh Grúpa Gníomhaíochtaí do Dhaoine le Néaltrú (Dementia) ‘Sonas Le Chéile’ ag tosú **Déardaoin, 22 Deireadh Fómhair óna 11.00rn -1.00in in Óstán Bhenness, sa Daingean.** Beidh an grúpa ag teacht le chéile go míosúil. Beidh fáilte roimh cairde, gaolta, cúramóirí agus daoine le Néaltrú. Beidh na himeachtaí seo leanas ar siúl: caidreamh shóisialta, cluichí, ceol, amhráin, scéalaíocht agus comhrá. Breis eolais ó Melissa Molyneux ASI ar 087 2177932.

Ciste an Pharóiste €715.00

Más mian leat tacú le Ciste an Pharóiste is féidir leat do shíntús a chur i gCúntas Pharóiste an Fheirtéaraigh, Banc AIB, Príomhshráid, An Daingean –

IBAN: IE40 AIBK 93628602 090140 (BIC: AIBKIE2D). Bíonn cuimhneamh speisialta oraibh i gcaitheamh na bliana. Más mian leat clarú do na clúdaigh, cuir glaoch ar Thigh na Sagart 9156131. Go gCuití Dia go fial libh.

Fógraí go Tigh na Sagart, roimh 10.30 r.n. Déardaoin, le bhur dtoil:

Fón: 066-9156131

r-phost: oifig@yahoo.ie